2026/575

13.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/575 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Márta 2026

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972 ('an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha') i bhfeidhm an 8 Lúnasa 1975.

(2) De bhun Airteagal 3 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, is féidir leis an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Nuair a thugann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) fógra don Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha substaintí a chur leis na Sceidil, ní féidir leis an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha athruithe a dhéanamh ar na Sceidil ach amháin i gcomhréir leis leis an bhfógra sin ó EDS, ach is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin gan na hathruithe arna bhfógairt amhlaidh a dhéanamh.

(3) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 ('an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha') bhfeidhm an 16 Lúnasa 1976.

(4) De bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, is féidir leis an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin nó iad a bhaint díobh. Tá cumhachtaí lánroghnacha leathana aige moltaí EDS, mar aon le tosca eacnamaíocha, sóisialta, dlíthiúla, riaracháin agus eile, a chur san áireamh, ach níl sé de chumhacht ag an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha gníomhú go treallach.

(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle ([1]) maidir le substaintí a liostaítear sna Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin. Dá bhrí sin, déantar aon athrú ar na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin a ionchorprú go díreach i rialacha comhchoiteanna de chuid an Aontais. Is gá don Chomhairle, dá bhrí sin, údarú a thabhairt do na Ballstáit seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin siúd, ós rud é gur faoi inniúlacht eisiach an Aontais a thagann cinntí maidir le substaintí nua a chur leis na Sceidil sin.

(6) Le linn an 69ú seisiún dá chuid atá beartaithe a bheith ar siúl ón 9 go dtí an 13 Márta 2026 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha le cinneadh a dhéanamh maidir le trí shubstaint nua a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(7) Mhol an EDS dhá shubstaint nua a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, agus substaint nua amháin a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(8) Gach substaint arna hathbhreithniú ag Coiste Saineolaithe EDS ar Spleáchas ar Dhrugaí agus a mhol EDS a sceidealú, déanann Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) faireachán orthu mar shubstaintí sícighníomhacha nua faoi Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

([1]) Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_framw/2004/757/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2023/1322 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2023 maidir le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1322/oj).

(9) De réir mheasúnú ECDD, maidir le hiseatainíotaisín *N*-pioróilidín (Iseatainíotaisipín) (ainm IUPAC: 5-nítrea-2-({4-[(própán-2-il)ocsa]feinil}meitil)-1-[2-(pioróilidín-1-il)eitil]-1*H*-1,3-beinsimíodasól), is substaint ópóideach shintéiseach í a bhaineann leis an aicme beinsimíodasóil nó níotaiséine. Ní dhearna EDS athbhreithniú foirmiúil ar iseatainíotaisín *N*-pioróilidín roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag iseatainíotaisín N-pioróilidín ná aon údarú margaíochta. Tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil mí-úsáid á baint as iseatainíotaisín *N*-pioróilidín, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá í a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí iseatainíotaisín *N*-pioróilidín i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(10) Braitheadh iseatainíotaisín *N*-pioróilidín i naoi mBallstát, agus rialaítear í in dhá Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar iseatainíotaisín *N*-pioróilidín. Tá dhá Bhallstát tar éis ar a laghad trí bhás iomlán a thuairisciú inar deimhníodh nochtadh do iseatainíotaisín *N*-pioróilidín. Tá Ballstát tar éis ar a laghad nimhiú géar amháin a thuairisciú a bhfuil amhras ann ina leith maidir le nochtadh d'iseatainíotaisín *N*-pioróilidín.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le hiseatainíotaisín *N*-pioróilidín a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(12) De réir mheasúnú ECDD, maidir le heatainíotaiséin *N*-deiseitile (ainm IUPAC: 2-[2-[(4-eatocsaifeinil) meitil]-5-nítrea-beinsimíodasól-1-il]-*N*-eitil-eatánaimín), is substaint ópóideach shintéiseach núíosach í a bhaineann leis an aicme beinsimíodasóil nó níotaiséine. Is meitibilít eatainíotaiséine í, ar substaint ópóideach beinsimíodasóil eile í a rialaítear faoi Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Ní dhearna EDS athbhreithniú foirmiúil ar eatainíotaiséin *N*-deiseitile. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag eatainíotaiséin *N*-deiseitile ná aon údarú margaíochta. Tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil mí-úsáid á baint as eatainíotaiséin *N*-deiseitile, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti, agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá í a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí eatainíotaiséin *N*-deiseitile i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(13) Braitheadh eatainíotaiséin *N*-deiseitile i gceithre Bhallstát, agus rialaítear í i sé Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar eatainíotaiséin *N*-deiseitile.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le heatainíotaiséin *N*-deiseitile a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(15) De réir mheasúnú ECDD, maidir le MDMB-FUBINACA (ainm IUPAC: 2-[[1-[(4-fluaraifeinil)meitil] iondasól-3-carbóinil]aimínea]-3,3-démheitil-bútánóáit) meitile), is cannaibionóideach sintéiseach láidir é. Ní dhearna EDS athbhreithniú ar MDMB-FUBINACA roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag MDMB-FUBINACA ná aon údarú margaíochta. Tá fianaise leordhóthanach ann go bhfuil mí-úsáid á baint as MDMB-FUBINACA, nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as, agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta, rud a fhágann gur gá é a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go liostófaí MDMB-FUBINACA i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(16) Braitheadh MDMB-FUBINACA in 14 Bhallstát agus rialaítear é in ocht mBallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag EUDA ar MDMB-FUBINACA. Tá Ballstát tar éis ar a laghad nimhiú géar amháin a thuairisciú lenar bhain nochtadh a bhfuil amhras ann ina leith do MDMB-FUBINACA.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas tacú le MDMB-FUBINACA a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(18) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a bhunú, ós rud é go mbeidh na cinntí maidir leis na trí shubstaint thuasluaite a liostú in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, mar atá, raon feidhme Chinneadh Réime 2004/757/CGB.

(19) Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha ná sa Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Tá stádas breathnóra gan ceart vótála ag an Aontas sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ar comhaltaí den Choimisiún sin 14 Bhallstát ([3]) gus ceart vótála acu ag an 69ú seisiún dá chuid. Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit sin, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(20) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

([3]) An Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Fhionlainn.

(21) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ón 9 go dtí an 13 Márta 2026, a mhéid a bhaineann le cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na sceidil a ghabhann le Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971.

Airteagal 2

Na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

Airteagal 3

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

N. IOANNIDES

IARSCRÍBHINN

An seasamh atá le glacadh ag na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, chun leas an Aontais le linn an 69ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 9 go dtí an 13 Márta 2026 maidir le substaintí a sceidealú:

(1) Tá iseatainíotaisín *N*-pioróilidín (Iseatainíotaisipín) (ainm IUPAC: 5-nítrea-2-({4-[(própán-2-il)ocsa]feinil} meitil)-1-[2-(pioróilidín-1-il)eitil]-1*H*-1,3-beinsimíodasól) le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha;

(2) Tá eatainíotaiséin *N*-deiseitile (ainm IUPAC: 2-[2-[(4-eatocsaifeinil)meitil]-5-nítrea-beinsimíodasól-1-il]-*N*-eitil-eatánaimín) le cur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha;

(3) Tá MDMB-FUBINACA (ainm IUPAC: 2-[[1-[(4-fluaraifeinil)meitil]iondasól-3-carbóinil]aimínea]-3,3-démheitil-bútánóáit) meitile) le cur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.